Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**9447/24**

**COARM 92**
**CONOP 29**
**CFSP/PESC 653**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus airm éadroma, i bhfianaise an Cheathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i ndáil le mionairm agus armáin éadroma (SALW) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus airm éadroma, i bhfianaise an Cheathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin ar chur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe i ndáil le mionairm agus armáin éadroma (SALW) (Nua-Eabhrac, an 18 go dtí an 28 Meitheamh 2024), mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an 4028ú cruinniú a bhí aici an 27 Bealtaine 2024.

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE SEASAMH AN AONTAIS EORPAIGH I nDÁIL LEIS AN gCOMHRAC I gCOINNE NA TRÁDÁLA AINDLEATHAÍ I MIONAIRM AGUS ARMÁIN ÉADROMA, I bhFIANAISE AN CHEATHRÚ COMHDHÁIL ATHBHREITHNIÚCHÁIN AR CHUR CHUN FEIDHME CHLÁR GNÍOMHAÍOCHTA NA NÁISIÚN AONTAITHE I nDÁIL LE MIONAIRM AGUS ARMÁIN ÉADROMA (SALW) (NUA-EABHRAC, AN 18 GO DTÍ AN 28 MEITHEAMH 2024)**

1. Tugann an Chomhairle dá haire go leanann mionairm agus armáin éadroma (SALW) aindleathacha agus a n-armlón de bheith ag cur leis an éagobhsaíocht agus de bheith ina gcúis leis an bhforéigean armtha, iad ina mbac ar an bhforbairt inbhuanaithe agus ar na hiarrachtaí bainistithe géarchéime, agus réigiúin iomlána, agus na Stáit agus na sochaithe atá iontu, á ndíchobhsú, an foréigean armtha agus an choireacht eagraithe á spreagadh acu, agus tionchar na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta á mhéadú acu. Tá an Chomhairle tiomanta trádáil aindleathach i mionairm gona n-armlón a chosc agus a shrianadh agus an chuntasacht agus an fhreagracht a chur chun cinn maidir lena dtrádáil dhlíthiúil.

2. I gcomhréir le hionchur an Aontais Eorpaigh (AE) sa Chomhshocrú don Todhchaí de chuid na Náisiún Aontaithe agus sa Chlár Oibre Nua don tSíochāin ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, tugann an Chomhairle dá haire gur gá ionstraimí rialaithe gnátharm a neartú agus cosaint do shibhialtaigh ar éifeachtaí na n-arm sin a fheabhsú, *inter alia* trí chomhlíonadh an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta agus an dlí um chearta an duine a chur chun cinn a thuileadh agus tríd an gcomhrac i gcoinne leathadh mionarm agus arm éadrom a chothú: (1) treochláir, spriocanna agus gealltanais réigiúnacha agus náisiúnta a ghlacadh, le modhanna iomchuí chun dul chun cinn a rianú agus tacaíocht idirnáisiúnta a shlógadh; (2) cur le Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus leis na huirlisí agus na tionscnaimh idirnáisiúnta atá ar fáil maidir le rianú, agus fothú acmhainneachta chun atreorú a chosc, agus bainistiú éifeachtach stoc-chairn a áirithiú; (3) aghaidh a thabhairt ar fhorbairtí teicneolaíochta nua.

3. Measann an Chomhairle gurb é Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun an trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú atá mar chreat uilíoch chun cur i gcoinne bhagairt na mionarm agus na n-armán éadrom aindleathach agus tacaíonn sí lena chur chun feidhme iomlán, éifeachtach, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus domhanda.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle an Ceathrú Comhdháil Athbhreithniúcháin a bheidh ar siúl i Nua Eabhrach ón 18 go dtí an 28 Meitheamh 2024 (RevCon4) ar deis é chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i ndáil le cur chun feidhme an chláir gníomhaíochta. Measann an Chomhairle gur cheart é a bheith d'uaillmhian ag RevCon4 ábharthacht agus éifeachtacht an chláir gníomhaíochta a mhéadú.

5. Meabhraítear don Chomhairle gur ghlac sí Cinneadh 2022/1965/CBES an 17 Deireadh Fómhair 2022 chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach iomlán an phlean gníomhaíochta agus na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe, feabhas a chur ar an tslándáil idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta, rannchuidiú le slándáil an duine a bhaint amach, forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí rialú SALW, agus tacú le beartais agus cláir rialaithe SALW inscne-fhreagrúla, bunaithe ar anailís chríochnúil inscne.

6. Thacaigh an tAontas Eorpach (AE) le hullmhúcháin shubstainteacha chuimsitheacha do RevCon4 i gcomhréir le Cinneadh 2022/1965/CBES ón gComhairle. Chuir cruinnithe réigiúnacha fóram ar fáil do Stáit rannpháirteacha agus d'eagraíochtaí réigiúnacha faoi seach chun dúshláin réigiún-sonracha a bhaineann le SALW a shainaithint agus tosaíochtaí réigiúnacha do RevCon4 a phlé.

7. Rannchuideoidh an tAontas ar bhealach cuiditheach le comhthoil fiúntach nithiúil a fháil mar thoradh ar RevCon3, agus oibreoidh sé le go léireofar na príomhchuspóirí seo a leanas i ndoiciméad toraidh na Comhdhála:

   i. A aithint go bhfuiltear ag tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta le sineirgí le hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil cuspóirí comhchosúla acu, mar shampla an Conradh Trádála Arm agus Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe, maidir le, *inter alia*, na hoibleagáidí tuairiscithe agus cúnamh agus comhar.

ii. A chur in iúl gur díol sásaimh é gur glacadh an Creat Domhanda maidir le bainistiú gnáth-armlóin ar feadh a shaoil. A aithint go gcomhlánaítear cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta leis an gCreat Domhanda maidir leis an trádáil aindleathach armlóin a chosc, a chomhrac agus a dhíothú. Cosc, comhrac agus díothú na trádála aindleathaí armlón SALW a choinneáil faoi raon feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus aghaidh a thabhairt ar na tagairtí uile is gá le haghaidh bainistiú freagrach armlóin chun armlón a áireamh i bpróiseas an Phlean Gníomhaíochta agus Stáit rannpháirteacha sa Phlean Gníomhaíochta a spreagadh chun taithí ábhartha, ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtas a mhalartú agus a chomhroinnt i gcomhréir leis an gCreat Domhanda. A admháil go gcuireann go leor Stát forálacha an Phlean Gníomhaíochta agus na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe (ITI) i bhfeidhm cheana féin maidir le harmlón SALW.

iii. A aithint, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, nach féidir síocháin a bheith ann gan forbairt inbhuanaithe, nach féidir forbairt a bheith ann gan síocháin agus nach féidir ceachtar díobh a bheith ann gan urraim do chearta an duine agus don chomhionannas inscne. Tá sé ríthábhachtach srian a chur le trádáil aindleathach SALW agus a n-armlón i ndáil leis an méid sin.

iv. Tacú le cur chuige inscne-íogair i leith rialú SALW agus na tionchair éagsúla a bhíonn ag an bhforéigean armtha ar mhná, ar fhir, ar chailíní agus ar bhuachaillí a aithint, agus ról na mban a chur chun cinn i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, maille leis an bhfeasacht inscnebhunaithe sna gníomhaíochtaí rialaithe SALW mar choinníoll dá n-éifeachtacht.

v. Beart a dhéanamh chun éifeachtacht an Phlean Gníomhaíochta gona Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe a chaomhnú agus a mhéadú i bhfianaise na bhforbairtí ar theicneolaíocht, dhearadh, mhonarú agus thrádáil na mionarm agus na n-armán éadrom. Is cúis imní é don Aontas Eorpach go háirithe go bhfuil mionairm a bhfuil fráma polaiméire nó dearadh modúlach acu ag teacht chun cinn níos mó agus níos mó agus gan aon chaighdeán domhanda ann maidir leis an gcaoi agus an áit leis na hairm sin a mharcáil, ar rudaí iad a d’fhéadfadh baint dár gcumas na hairm sin a rianú. Le go mbeifear in ann leanúint de frámaí polaiméire agus SALW a rianú, is den riachtanas é go gcomhaontóidh RevCon4 próiseas chun teacht ar chomhthoil faoi mharcáil na SALW sin.

vi. Tacú le sainghrúpa teicniúil neamhiata a bhunú maidir le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe agus a Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe i ndáil le teicneolaíochtaí nua SALW.

vii. Tacú, ar bhonn deonach, leis an malartú faisnéise atá ann cheana idir na Ballstáit maidir le cásanna atreoraithe sainaitheanta chun na bealaí gáinneála ar airm a nochtadh agus deireadh a chur leo, agus chun feabhas a chur ar an acmhainneacht measúnaithe riosca i gcomhthéacs rialuithe ar onnmhairiú arm (Airteagal 11 den Chonradh Trádála Arm agus an Fóram um Malartú Faisnéise maidir le hAtreorú).

viii. Béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé cleachtais rialaithe onnmhairithe arm a bheith ann ó thaobh trádáil aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh, roimh cheadúnas onnmhairithe a dheonú, ar an mbaol go ndéanfaí airm a atreorú (lena n-áirítear le gné inscne).

ix. Tacú le gníomhaíochtaí rialaithe i ndáil le mionairm agus armáin éadroma i limistéir atá faoi thionchar coinbhleachta, trí ról níos mó a thabhairt do na Náisiúin Aontaithe agus do na hoibríochtaí réigiúnacha tacaíochta síochána, agus an méid seo a leanas a chur san áireamh ar bhonn gach cáis ar leith: cúnamh a chur ar fáil i ndáil le faireachán ar thrádbhac arm agus bainistiú stoc-charn, tráth a mbeadh a sainordú á leagan síos agus, más féidir, i gcomhar le grúpaí saineolaithe na Náisiún Aontaithe atá i gceannas ar fhaireachán a dhéanamh ar thrádbhac arm de chuid na Náisiún Aontaithe.

x. Béim a chur ar ról an Phlean Gníomhaíochta i gcomhrac na sceimhlitheoireachta. Le cur chun feidhme éifeachtach an Phlean Gníomhaíochta, cuideofar le cosc a chur ar mhionairm agus armáin éadroma teacht i seilbh sceimhlitheoirí, rud a laghdódh tionchar féideartha a gcuid ionsaithe.

xi. Aitheantas a thabhairt don ról atá ag SALW san fhoréigean teaghlaigh agus inscnebhunaithe, go háirithe san fhoréigean a dhéanann teaghlach nó páirtí dlúthchaidrimh, agus a áirithiú go ndéanfar na sonraí atá ar fáil go poiblí maidir leis an mí-úsáid arm tine a imdhealú de réir inscne agus go n-áireofar iontu sonraí maidir leis an bhforéigean teaghlaigh agus inscnebhunaithe.

xii. Tacú leis an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí réigiúnacha i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus ó thaobh rannpháirtíocht taighdeoirí, na sochaí sibhialta agus lucht tionscail i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta i gcoitinne.

8. Molann an tAontas Eorpach go ndéanfaí tagairt i ndoiciméid deiridh RevCon4 do na doiciméid seo a leanas:

- na doiciméid deiridh ó chruinnithe idirsheisiúnacha an Phlean Gníomhaíochta (7ú Cruinniú Débhliantúil na Stát in 2021 agus 8ú Cruinniú Débhliantúil na Stát in 2022);

- an tuarascáil ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ar Mhionairm agus armáin éadroma chuig Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe 2022 (A/CONF.192/BMS/2022/1) agus chuig Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe 2023 (S/2023/823) agus 2021 (S/2021/839);

- an tuarascáil ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chuig Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le forbairtí le déanaí i monarú, teicneolaíocht agus dearadh mionarm agus armán éadrom agus na himpleachtaí do chur chun feidhme na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta (A/CONF.192/BMS/2014/1);

- Rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mionairm agus armáin éadroma (UNSCR 2117, 2013, UNSCR 2220, 2015 agus 2370, 2017);

- Rún ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil (Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, 2000 agus rúin eile ina dhiaidh sin) agus tagairt speisialta do UNSCR 2242, 2015, ina raibh moladh sonrach go ndéanfaí mná a chumhachtú agus iarrachtaí á ndéanamh chun aistriú aindleathach mionarm agus armán éadrom a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, mar aon le carnú agus mí-úsáid mionarm agus armán éadrom, ar rud díchobhsaitheach é;

- Rún 1612 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le leanaí agus coinbhleachtaí armtha, 2005;

- Rún ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe '*Through-life Conventional Ammunition Management*' [Bainistiú Gnáth-Armlóin Trí Bheatha] (A/RES/78/47) lena nglactar an Creat Domhanda maidir le Bainistiú Gnáth-Armlóin Trí Bheatha (A/78/111), ar ionstraim thiomnaithe idirnáisiúnta é lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí slándála agus sábháilteachta a bhaineann le gnáth-armlón, lena n-áirítear atreorú agus gáinneáil aindleathach ar armlón agus pléascanna armlóin neamhphleanáilte;

- Doiciméid ESCE maidir le SALW.

9. Maidir leis an mbreithniú atá á dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, tacaíonn an tAontas leis na heilimintí seo a leanas a chur san áireamh i ndoiciméad deiridh RevCon4:

i. Cur chun feidhme náisiúnta trí bhíthin comhlachtaí náisiúnta comhordaithe idirghníomhaireachta; pleananna gníomhaíochta náisiúnta; pointí teagmhála náisiúnta ar an leibhéal institiúideach agus ar an leibhéal teicniúil; reachtaíocht lena n-áirítear pianfhorálacha, rialacháin agus nósanna imeachta riaracháin; faireachán maidir le gnéithe ábhartha saolré SALW agus a n-armlón, lena n-áirítear monarú agus marcáil, coimeád taifead, trádáil, aistriú, stoc-charnadh agus diúscairt atá sábháilte agus slán.

ii. Tacú le comhar agus comhordú réigiúnach agus fo-réigiúnach.

iii. Comhpháirteanna SALW a chur chun cinn sa chomhar slándála déthaobhach agus idir-réigiúnach, lena n-áirítear comhar trasteorann agus comhroinnt faisnéise idir gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí agus custaim chun trádáil aindleathach in SALW a shrianadh.

iv. Ról na n-eagraíochtaí réigiúnacha agus fo-réigiúnacha a fheabhsú agus cumhacht a thabhairt dóibh chun cabhrú le stáit agus an plean gníomhaíochta á chur chun feidhme acu.

v. Malartú agus úsáid faisnéise i ndáil le patrúin shainaitheanta i gcásanna na trádála neamhdhleathaí agus an atreoraithe a chumasú agus a chur chun cinn, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear trí bhíthin bunachair shonraí gréasán-bhunaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta, le tacaíocht don ról atá ag Interpol agus ag na Náisiúin Aontaithe i ndáil leis an méid sin.

vi. Cur i bhfeidhm comhaontuithe úsáideoirí deiridh a chur chun cinn i gcomhthéacs onnmhairí SALW a rialú.

vii. Cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua i rialú SALW a spreagadh chun bealaí agus patrúin atreoraithe do SALW agus dá n-armlón a shainaithint chomh maith le rannchuidiú le himscrúduithe coiriúla ar na cásanna atreoraithe sin.

viii. Iarrachtaí maidir le slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn (PSSM) a mhéadú, lena n-áirítear trí theicneolaíochtaí nua a chur i bhfeidhm.

ix. malartú faisnéise a fheabhsú i dtaca le hurghabhálacha arm, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus feabhas a chur ar dheiseanna le haghaidh imscrúduithe agus ionchúisimh, ag díriú go háirithe ar an gcomhar réigiúnach.

x. Cur chun feidhme na gcaighdeán agus na ndea-chleachtas chun airm bheaga agus armlón a láimhseáil (mar shampla Coimre ar na Modúil maidir le Rialú Mionarm – MOSAIC agus Treoirlínte Teicniúla Idirnáisiúnta maidir le Muinisin – IATG) a chur chun cinn agus tacú leis.

xi. Trédhearcacht a chur chun cinn trí stáit a spreagadh chun pointí teagmhála náisiúnta don Phlean Gníomhaíochta a chomhroinnt ar an leibhéal institiúideach agus teicniúil.

xii. Stáit a spreagadh chun a dtuarascálacha débhliantúla maidir le stádas cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus ITI a thíolacadh chun a líon agus a gcáilíocht a mhéadú, SALW a áireamh ina dtuarascálacha do Chlár Gnáth-Arm na Náisiún Aontaithe (UNROCA), agus sineirgí maidir leis an ábhar sin a chur chun cinn le hionstraimí idirnáisiúnta gaolmhara eile.

xiii. Aghaidh a thabhairt ar mhonarú agus modhnú aindleathach SALW agus a gcomhpháirteanna, trí tháirgeadh ceardaíochta, trí na forbairtí agus na treochtaí is déanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, trí phriontáil 3T, airm thine dhíghníomhachtaithe a athghníomhachtú agus airm thine bhalbha a thiontú.

xiv. Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag dul i méid a ghabhann le monarú ceardaíochta SALW faoi chuimsiú an Phlean Gníomhaíochta agus na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe.

xv. Dea-chleachtais a chur chun cinn i ndáil le díghníomhachtú ionas go mbeidh SALW do-oibrithe go buan agus go mbeidh a athghníomhachtú dodhéanta, trí chaighdeáin a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2403 ón gCoimisiún a chur chun cinn, i measc nithe eile.

xvi. Scrios a chur chun cinn mar an rogha thosaíochta chun fáil réidh de bharrachas SALW.

xvii. Aghaidh a thabhairt ar an méadú atá ag teacht ar thábhacht an idirlín agus idirbhearta ar líne, lena n-áirítear aistriú doláimhsithe teicneolaíochta agus dearaidh, i ndáil le trádáil aindleathach agus monarú SALW agus a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna.

xviii. Aghaidh a thabhairt ar na héagsúlachtaí i reachtaíocht i measc na mBallstát lena n-éascófar an trádáil agus táirgeadh aindleathach SALW, lena n-áirítear tiontú arm tine caocha ar ais ina n-airm thine fheidhmiúla.

xix. Laistigh dá shainordú agus i gcás inarb iomchuí**,** ról méadaithe do na Náisiúin Aontaithe agus d’oibríochtaí síochánaíochta réigiúnacha a chur chun cinn i réimse SALW aindleathach.

xx. Saincheisteanna SALW agus armlóin a chur san áireamh i gcláir atógála iarchoinbhleachta, cláir dhí-armála, dhíshlógaidh agus athimeasctha (DDR), cláir um athchóiriú na hearnála slándála (AES) agus cláir maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil go háirithe.

10. Maidir le cur chun feidhme na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe a mheas, tacaíonn an tAontas leis na heilimintí seo a leanas a chur san áireamh i ndoiciméad toraidh RevCon4:

i. Éifeachtacht na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe a áirithiú i bhfianaise forbairtí ar theicneolaíocht agus dhearadh SALW**.** Is cúis imní é don Aontas Eorpach go háirithe go bhfuil mionairm a bhfuil fráma polaiméire nó dearadh modúlach acu ag teacht chun cinn níos mó agus níos mó agus gan aon chaighdeán domhanda ann maidir leis an gcaoi agus an áit leis na hairm sin a mharcáil, rud a d'fhéadfadh baint dár gcumas na hairm sin a rianú. Le go mbeifear in ann leanúint de SALW módúlacha a rianú, is den riachtanas é go gcomhaontóidh RevCon4 próiseas chun teacht ar chomhthoil faoi mharcáil na SALW sin. Mar thoradh ar an bpróiseas sin, ba cheart doiciméad comhdhearcaidh forlíontach ar an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe a bhaint amach, mar shampla iarscríbhinn. Chomh maith le comhaontú maidir le SALW modúlacha agus le frámaí polaiméire a mharcáil, ba cheart go léireofaí sa doiciméad sin impleachtaí na bhforbairtí ar theicneolaíocht agus dhearadh SALW, lena n-áirítear forbairtí i ndáil le marcáil, coimeád taifead agus rianú. Le doiciméad mar sin, d'áiritheofaí nach laghdófaí éifeachtacht na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe mar gheall ar fhorbairtí ar theicneolaíocht agus dhearadh SALW.

ii. Marcáil allmhairí a chur chun cinn – mar a cheanglaítear leis an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe – tráth an mhonaraithe más féidir.

iii. Cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí nua a chur chun cinn go mbeidh marcáil, coimeád taifead agus rianú níos éifeachtaí SALW ann. San achoimre ón gCathaoirleach ar chruinnithe na saineolaithe rialtais tugtar torthaí agus moltaí ábhartha i ndáil leis an méid sin.

iv. Sásraí a neartú chun faisnéis a mhalartú maidir le córais mharcála náisiúnta tráth an mhonaraithe agus maidir le nósanna imeachta caighdeánacha a bhaineann le SALW urghafa nach bhfuil marcáilte.

v. Cur chun feidhme náisiúnta na hIonstraime Idirnáisiúnta Rianaithe a chur chun cinn trí reachtaíocht i ndáil le marcáil, coimeád taifid agus rianú agus tuarascálacha débhliantúla a dhréachtú, pointí teagmhála náisiúnta a bhunú agus pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt.

vi. Acmhainneachtaí a fhothú chun SALW agus armlón a rianú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht ós rud é gur féidir leis rannchuidiú le sainaithint agus le srianadh sreabh aindleathach arm isteach i limistéir ina bhfuil coinbhleacht. Féadfar sin a dhéanamh trí, *inter alia*, thacú le rannpháirtíocht na Náisiún Aontaithe agus trí oibríochtaí síochánaíochta réigiúnacha chun SALW agus a n-armlón a bhailiú, a thaifeadadh, a rianú agus a scriosadh, i gcás inarb iomchuí agus i gcomhréir lena sainorduithe agus, i gcásanna inar féidir, i gcomhar le grúpaí saineolaithe na Náisiún Aontaithe atá i gceannas ar an bhfaireachán ar thrádbhaic arm na Náisiún Aontaithe; trí thacú leis an bhfothú acmhainneachta do ghníomhaireachtaí áitiúla slándála agus forfheidhmithe dlí, lena n-áirítear gné na mban, na síochána agus na slándála, chun rianú agus imscrúdú a dhéanamh, chomh maith leis an mbunachar sonraí iArms ag Interpol agus bunachair sonraí ábhartha eile a chur chun cinn; agus trí thacú le tionscnaimh ar nós iTrace ag Conflict Armament Research.

11. Maidir leis an mbreithniú ar an gcomhar agus ar an gcúnamh idirnáisiúnta, tacaíonn an tAontas leis na heilimintí seo a leanas a chur san áireamh i ndoiciméad toraidh RevCon4:

i. Tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta trí chomhar agus cúnamh do ghníomhaíochtaí rialaithe SALW.

ii. Measúnú a dhéanamh ar chomhar agus ar chúnamh a cuirtear ar fáil i ndáil le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta agus toradh an mheasúnaithe sin a chur i láthair ag cruinniú débhliantúil na Stát i bpróiseas idirsheisiúnach an Phlean Gníomhaíochta.

iii. Éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht na n-iarrachtaí cúnaimh a mhéadú trí chomhordú feabhsaithe sa chomhar le heagraíochtaí, deontóirí agus gníomhartha cur chun feidhme réigiúnacha ábhartha faoi úinéireacht iomlán agus, más féidir, faoi stiúir na bpleananna gníomhaíochta náisiúnta de chuid na Stát is faighteoirí.

iv. Tacú leis an Rialachán maidir le Saoráid Iontaobhais na Náisiún Aontaithe chun Tacú le Comhar maidir le Rialáil Arm (UNSCAR).

v. Trédhearcacht a mhéadú maidir le comhar agus cúnamh i réimse an rialaithe SALW trí thacú le stór domhanda ina gcláraítear cúnamh i ndáil le rialú SALW.